Leaṫanaċ na nDéagóirí

Smuainte fa ṗilleaḋ tar nais ar scoil

Fáilte roiṁ ar gcuid léiṫeoirí óga go léir tar nais ar scoil mas go malltriallaċ brónaċ féin a ṫugann siḃ agaiḋ ar na sean ranganna céanna. Is dóiliġ suí síos i gceann an gnáṫ gnó tuirsiúl céanna arís agus gan daḃt ar biṫ bíonn na ranganna cianaċ tuirsiúil. Caiṫfear i ḃfad níos mó airgead a ċaiṫeaṁ ar cúrsaí oideaċais sa tír seo sula mbíonn caoi ceart ar meán scoltaċa ⁊ bunscoltaċa coṁ maiṫ le gairmscoltaċa oideaċais ceart agus teagasc tarrantaċ a ṫaḃairt. Agus go dtí sin is dóċa níl neart air aċ ċur suas leis an scéal mar tá sé.

Aċ beiḋ cuimní deasa agaiḃ den tsaṁraḋ agus de réir mar cluinim ḃí saoire gnóṫaċ aċ saoire taitneaṁaċ ag mórán dar léiṫeoirí, mórán mór ag caḃrú in obair éigin sa ḃaile ⁊ tuille a fuair postanna sealadaċ don tsaṁraḋ agus a raiḃ saoṫrú maiṫ acu dá ḃarr—cé go ḃfuil dá ṫaoḃ ar an scéal sin freisin.

Ċuaiġ slua an ṁór go dtí na Coláistí Saṁraiḋ sa Ġaeltaċt. Tá an scaipte a ṫéid ann ag síor ṁéadú gaċ bliain agus i mbliana meastar go raiḃ os cionn 10,000 déagóir ins an Ġaeltaċt nó i gColáiste Saṁraiḋ i mbliana. I gcoiḃneas le daltaí na meán scol is ionann seo mar ṁeán ⁊ go gcaiṫeann 2 as gaċ 3 daltaí meánscoile tréiṁse sa Ġaeltaċt le linn a gcúrsa agus is ag ardú atá sé ar fad sa gcaoi go dtiġ linn a ḃeiṫ cinte taoḃ istiġ de roint bliana gur gá do dalta tréiṁse a ċaiṫeaṁ sa Ġaeltaċt roiṁ críoċnú meánscolaíoċt dó.

Ċuaiġ cuid ṁaiṫ daltaí meánscoile go tíorṫa na hEorpa ag cleaċta teangaċa na tíorṫa sin agus iad sásta gur fiú é a ḋéanaṁ. Ḃí roint de na daltaí de Coláiste Cróna: Ḃarḃara Ní Ḋúil, sa Ġearmáin, Siún Ní Cuinneagáin sa Spáinn agus mórán sa Ḟrainc. Ḃí cuid daofa ár fac a d'ḟreastal an dá trá mar Eiḃlín Nic Cába (a ḃfuil a lá breiṫe inniu, Aoine an 10ú) a ċaiṫ mí iúil sa Ḃeilg agus a ṫáiniġ tar nais go Ḃaile Áṫa Cliaṫ ar an Ceadaoine, an 28ú agus a ċuaiġ caol díreaċ go hÁrainn Móir ar an Diardaoin an 29ú lá le mí a ċaiṫeaṁ i gColáiste Cróna.

Sin deire an t-am seo. Tuilleaḋ nuaíoċta agus béidir comórtaisí an tseaċtain seo ċugainn.

Lá breiṫe an tseaċtain seo

Lá breiṫe aoiḃinn do na daoine seo i gCoirnéal Cróna:

Luan 13ú: Ḃríd Ní Ċonaill, Mullaċ, Ceanannus Mór; Aluin Ní Ḋúgáin. 31 Gairoiní Conaill, Inse Caoir. **Ceadaoine 15ú:** Áine Ní Ċíosóig, 20 Slí an Cloċain, Ḃaile Áṫa Cliaṫ, Roisín Ní Ḃaoill, Cloċar na Trócaire, An Uaiṁ, Ḃreandan Ó Máirtín. Rae Treasna, Dromconnraċ, Co. na Mide. **Diardaoin 16ú:** Ḃreanda Ḃreaṫnaċ, 2 Ḃr. an Stáisiúin, Cill Ḟiontain, Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Pádraig Ó Raġallaiġ, Cill Ċaṫlaiġ. **Domnaċ 19ú:** Seosaṁ Mac Giolla Coilleaḋ, Coláiste Pád-

Ag cuntas

Ċuir dornálaí mór fios ar an doċtúir agus d'inis dó naċ raiḃ sé ábalta codlaḋ ḟáil. "An ndearna tú rud ar biṫ leis an scéal a léiġeas?" Arsa an doċtúir leis: "Caidé fá caoire a ċuntas?" "Níl maiṫ ar biṫ ansin dom', arsan dornálaí. Ċuile uair a dtagaim go dtí'n naoi, léim na ṡeasaṁ liom!'

Coṁairle críonna

Nuair a stad an bus ag rian an rása, scairt an tiománaí in árd a ċinn as a ġoṫa leis na pais-inéirí a ḃí ag dul amaċ: "Ar ṁaiṫ le duine ar biṫ lid maiṫ inniu ar an dóiġ ab' ḟearr le roinnt airgid a ḋéanaṁ?" Ṫionntaiġ ċuid de luċt na gcapall ṫart agus dúirt go diocrasaċ leis: "Is ea cinnte, innis dúinn." "Tá go maiṫ," arsan tiománaí ansin, "coinnigí ḃur sioċáin sa ḃus anois agus tarraigí arais aḃaile liomsa!"

Dornálaí: Smaoitiġ anois. Ḃéiḋ na mílte ag éisteaċt leis an troid seo anoċt.

Ḃainisteoir: Is ea, béiḋ, agus béiḋ ḟios aca an toraḋ ar a laiġead deiċ secund roṁatsa!

Freagra prap

Ḃí ministéir ag caint lá ag cruinniú, nuair a ċuir fear den ṗobal isteaċ air le ceist ar ċreid sé féin gur ṡloiġ míolmór Jonah. "Nuair a raċfas mise suas na Flaiṫis," arsan ministéir, "Ċuirfiḋ mé ceist ar Jonah? "Aċ cur i gcás," arsan fear fiosraċ ansin, "naċ ḃfuil sé sna Flaiṫis?" "Mar sin", arsan ministéir leis, "caiṫfiḋ tú féin ceist a ċuir air!"

Máirtín Beag — An aisteoir tusa a Aintín?

Aintín: Ó ní hea, a ṫáiscí. Cé'n fáṫ ar ḟiafraiġ tú sin díom?

Máirtín Beag — Mar gur ċuala mé daidí a rá go mbeaḋ an-raḋarc againn nuair a ṫiocfá ċugainn!

Sin sin

Máṫair: Cé'n fáṫ naċ n-imríonn tú le buaċaillí beaga maiṫe?

Gasúr: D'imríonn a Ṁámaí aċ ní ligfeaḋ na maiṫreaċa dom imirt leofa!

Breiṫeaṁ: Cionntaċ nó neaṁċionntaċ?

Cosantóir: Neaṁ-ċionntaċ.

Breiṫeaṁ: An raiḃ tú i bríosún ariaṁ roiṁe seo?

Cosantóir: Ní raiḃ. Seo an céad uair ar goid mé rud ar biṫ!

Eisean: A ṫáiscí mo ċroí, féaċann tú níos óige agus níos deise ċuile lá."

Ise: Go raiḃ maiṫ agat, aċ naċ dtiocfaḋ leat am éigin eile

Tuigeann Taḋg Taiḋgín

D'éigin do ḟear uasal uair aṁáin, garraíodóir cliste aċ mí-ionraic, a ḃriseaḋ as a ṗost. Ar son a ṫeaġlaiġ tug sé teastas cáile dó agus seo mar scríoḃ sé síos é:

"Dearḃaím anseo go raiḃ an Dálaċ agam mar ġarraiodóir le dá bliain anuas, agus i riṫ an ama sin, d'éiriġ leis níos mó ḟáil amaċ as mo ġarraí ná fear ar biṫ eile dá raiḃ riaṁ im' ṡeirḃis.

Cuairteoir: Abair go cinnte le do ṁaiġistreas gur scairt mise anseo agus í amuiġ.

Cailín Aimsire: Ó cinnte, innseoiḋ mé dí. Ḃéiḋ áṫas an domain uirṫi é ċloisteáil!

Eisean: "Anois ó ṫáimid pósta, a ṫáiscí, tá súil agam naċ miste leat, má luaim uiṁir beag loċtanna a ṫug mé fá dear ort le tamall.

Ise: Is cuma, liomsa, a ṫáiscí, mo ċroí. D'iad na loċtanna beaga sin a ċoinniġ mé ó ḟear céile ní b'ḟearr a ḟáil, tá ḟios agat!

A Ċiall Féin

Ḃí gealt ag iascaireaċt ar scor ar biṫ ḃí slat iascaiġ aige, aċ ḃí an dúḃan ar croċaḋ i mias beag ġloine éisc. Ṡiúil cuairteoir fad leis agus arsa seisean leis an gealt, ag iarraiḋ aoiḃ an ġáire a ċur air: "Cé ṁéid ceann ar rug tú air ċeana?" "Ṗleasc mo ḋuine amaċ ag gáire agus ar seisean: "Tusa an ceaṫrú ceann!"

Magaḋ

Ḃí gasúr beag ag treorú asail ar rópa ṫar campa saiġdiúirí. Arsa saiġdiúir (leis an gasúir beag) agus é sínte ag geata an ċampa: "Cé'n fáṫ a ḃfuil tú ag coinneáilt greim ċoṁ doċt sin ar do ḋeartáir?" Arsan gasúr go prap: "Ar eagla go raċaḋ sé isteaċ san airm!"

Bean Ḟiosraċ — Caidé mar loiteaḋ ṫú a ḟir ṁaiṫ?

Saiġdiúir: Le plaosc, a ḃean ċóir.

An Ḃean: Ar ṗléasc sé?

Saiġdiúir: Amaidí a ḃean! D'éalaiġ sé aníos ċugam agus ḃain greim asaim!

Cuairteoir: "An dtéann tú ar scoil mo ḟirín ḃeag?

Peadar Óg: Ní ṫéim. Cuirtear ar scoil mé!

Éaló

"A Ṗáid, arsan ṁáṫair ċrósta seo tráṫnóna aṁáin nuair a ṫáiniġ an mac óg isteaċ un tí. "Naċ ḃfuil ḟios agat gur anoċt oíċe folcaiḋ?" "Ó sílim mar sin"

Ní h-é lá na gaoiṫe lá na scolb

Naċ fíor an tseanḟocal sin? Mar is eol dúinn. Is é an lá breá ciúin an lá is oiriúnaí ċun tuíodóireaċt a ḋéanaṁ. Fear amaideaċ is ea an feilméar a raċaḋ ṡuas ar foirgneaṁ lá garḃ. Úsáidtear tuí agus scoilb (a ġeibtear ón na crainn sailli) ċun an obair seo a ḋéanaṁ. Rud éadrom is ea an tuí, agus cé go ndéanann an feirmeoir a díċeall ċun é a greamaḋ síos leis na scolb, ní éiríonn leis. Téann an ġaoṫ isteaċ faoin tuí, agus séideann sé í ngaċ treo. Sa tslí sin tá an fear ró-ḋéanaċ. Ba ċeart dó an obair sin a ḋéanaṁ níos luaiṫe, nó ar lá ciúin, má tá teaċ tirm, seascair ag teastáil uaiḋ.

Tá níos mó ná míniú aṁáin ag baint leis antseanḟocal céanna. Mar ṡompla, tógfaimid na scoláirí atá ag dul go dtí an ṁeánscoil. Is beag an ṁaiteas atá ins an ċailín a tosnaíonn ag foġlaim seaċtain roiṁ an scrúduċáin. Ní ḟáiġeann duine leisciúil mar sin mórán tairḃe as a cuid. Rud is measa fós, beiḋ sí ina scolaíoċta náiriṫe má ṫeipeann uirṫi, agus go n-éiríonn le na compánaċ naċ ḃfuil an éirim aigne céanna aici ar cor ar biṫ sa scrúdú Ardteistiméireaċta.

Má tá bean-tí leisciúil ann béiḋ sí ró-ḋéanaċ le obair an Earraiġ. Sé sin beiḋ sí ag cur síos na h-uiḃeaċa i mí na Ḃealtaine in ionad iad a ċur síos i mí na Márta. Deirim leat go mbeiḋ piaċán beag fuarċaointe na dturcaiṫe óga, agus giogaireaċt beag ċeartaiseaċ na sicíní le cloisteáil i gclós na mná sin i ḃfad í mdiaiḋ an gcoṁarsan. Ansin tosnóiḋ sí, go cráite, cláṁsánaċ, ag taḃairt léasad teanga dí féin ag rá, "Ó cad a ḃí orm, mé i mo ṡuí síos go falsa, nuair ba ċóir dom beiṫ ag obair!"

Ins an Saṁraḋ ġeiḃeann an ḃean míṡlaċtṁar an teaċtaireaċt go ḃfuil slua cuairteoirí ag teaċt ċuici ó Ṁeiriceá. Ní ḃíonn aon rud le cloisteáil uaiṫe, aċ "Ó, féaċ an obair atá le déanaṁ agam, tá súil agam go liġe Dia mo ṡláinte agam!" Aċ ní ḃíonn aon ḟuadar uirṫi, nó ní ḃrostaíonn sí san am céanna, agus bíonn an scata cuairteoirí tagṫa isteaċ ċuici sul a mbíonn leaṫ na h-oibre críoċnaiṫe aici.

Tá míniú an tseanḟocal seo le feiceáil freisin i gcás Aifreann an Doṁnaiġ. Is ceart do gaċ duine a ṡáiṫ ama a ṫaḃairt do féin ċun é a gléasaḋ i gceart, ⁊ ċun a ḃeiṫ ins an Eaglais in am. Daoine leisciúla amaideaċa is ea an teaġlaċ, a léimeann amaċ as an leaba ar a naoi a ċlog, nuair ba ċóir dóiḃ ḃeiṫ ins an tSéipéal. Ní ḃíonn órd nó éagar sa tiġ ansin. Gaċ duine ag gearán agus ag dul sa mbealaċ. Ná páistí ag screadáil ar ḃarr a nguṫa "Cá ḃfuil mo ġúna," "Taḃair dom mo ḃróga," agus mar de gnáṫ bíonn leaṫ an Aifrinn ṫart b'ḟéidir sula ṡroiseann siad an Eaglais, ar ċor ar biṫ.

De gnáṫ, bíonn feirmeoirí ann agus ní ḋéanfaḋ sé aon damáiste dóiḃ dá gcuirfidís an tseanḟocal sin i ḃfeiḋm. Is leisciúil an feirmeoir é a ṫosnaíonn ag an aoileaċ a ċur amaċ i mí an Aiḃreáin, nó ḃeiṫ ag treaḃaḋ mí na Ḃealtaine. An fear a oiḃríonn mar sin ní ḃíonn aon barraí aige ag deireaḋ na bliana. Fáiġeann sé amaċ dó féin brí an tseanḟocail, "An té naċ gcuireann san Earraċ, ní ḃainfiḋ sé sa Ḟóṁar."

Tosaíonn na feilméir ag baint an ḟéir go luaṫ i mí an Meiṫiṁ de gnáṫ. Aċ tá daoine ann agus bíonn siad déanaċ i gcónaí. Bíonn an aimsir go breá is go dona i riṫ an tSaṁraiḋ. Ḃíonn na feirmeoirí maiṫe, dúṫraċtaċ ag baint tairḃe as gaċ lá den aimsir breá. Aċ na cinn eile is cuma leo. Ḃíonn an féar tirim sáḃailte le fada ag na daoine cliste, nuair a ḃíonn na fir leisciúla ag déanaṁ a ndíċeall ċun é a ṡáḃáil i mí Lúnasa, aċ ní hé an Fóṁar an t-am oiriúnaċ don obair sin.

Go deiṁin, ġeoḃaiḋ gaċ duine bás uair éigin, cibé uair é. Aċ is ceart dúinn na Sacraiminti Deireannaċa a ḟáil sula a dtéimid ċun na síorraíoċta. Cífid tú ina lán áiteanna nuair a ṫiteann tinneas ar duine, ní ḟáiġeann na gaolta ar sagart go dtí go ḃfuil an créatúir i mbéal ar ḃáis. Sé sin fágṫa gan aiṫne, gan urlaḃra. De gnáṫ bíonn sé marḃ sula sroiseann ar sagart an tiġ. Is mór an náire do ċlann ar biṫ nuair a ṫarlaíonn a leiṫéid!

Is ceart dúinn freisin airgid a cur i dtaisce i gcóir "Lá na coise tinne." Tágann an mí-áḋ go dtí gaċ diras uair éigin. D'ḟéidir go dtiteann tinneas ar ṁáṫair nó ar aṫair an ċlainn. Is trua an pictiúr é, páistí beaga a ḟeiceáil ag braṫ ar na gcoṁarsan i gcóir píosa aráin, nó rudaí eile. Dá mbeaḋ fiċe nó trioċa punt sa banc ag an aṫair ní dtarlóċóḋ a leiṫéid.

Ḃíonn mo croí lán de ḃróin gaċ uair a cíonn mé duine sean gan a doṫain airgid aige. Nuair naċ mbíonn aon airgid aige, b' éigean dó dul go dtí "teaċ na mboċt." Uaireanta cónaíonn siad lena gaolta. Aċ tá croíṫe crua ag a lán daoine, agus tugann siad obair an ḋeacair ar fad dín sean-aois ċun bia agus lóistín a ḟáil (nuair naċ mbíonn an t-aos acu).

Ḃeaḋ na tiomanáiṫe ábalta sompla maiṫ a ṫaḃairt ón tseanḟocal seo. Téann siad ar luas mire gan bacaḋ ar aon rud atá ar an mbóṫar. Tá na Gardaí ag déanaṁ a ndíċeall ċun iad a ċosaint. Rinne siad riail gan dul ṫar trioċa míle gaċ uair, aċ tugann na tiománaiṫe gluaisteáin cluas boḋar dóiḃ. Gaċ lá ṫarlaíonn suas le deiċ timpistí ar na bóiṫre, agus de gnáṫ ġeiḃeann beirt nó triúr báis. Ansin tosnaíonn na tiománaiṫe ar réaṁcúramaí a glacaḋ ċun naċ mbeiḋ aon timpistí eile. Aċ tá an damáiste déanta anois. Léiríonn na somplaí sin brí an tseanḟocal — "Ní hé lá na gaoiṫe lá na scolb."

Máire Ní Cnáṁaiġ. Cloċar Ṁuiristeaċ, Ḃaile Ċaṫail, Co. Ṁuiġeo.

Páistí fásta

Ḃí an ṁáṫair mór istiġ an tráṫnóna seo ag taḃairt aire do Gearóid óg cúig bliain d'aois. Dá ċur á luí arsa sise leis, "Ḃfuil tú réiḋ anois do scéal? "Níl anoċt go raiḃ maiṫ agat," arsa seisean. "Mar sin," arsa sise, "An gcanfaiḋ mé suantraí beag duit?" "Na bac a Ġrannaí," arsa seisean, "go raiḃ maiṫ agat." "Maise caidé tiġ liom a ḋéanaṁ mar sin?" arsa sise go h-imníoċ. "Creidim anois," arsa seisean, "go dtioc-

Ní mar a síltear a bítear

Ṫug an tseanḃean láċ fá dear fear boċt de réir cuma na ṡeasaṁ ag coirnéal na sráide, agus corr uair ṫaḃarfaḋ cuid de na coisiṫe ag dul ṫairis, rud éigin dó. Ċuaiġ sí féin suas ḟaid leis an ḟear agus ṡáiġ leaṫ-ċoróinn isteaċ na láiṁ. Rinne sí mion-ġáire agus ċuir cogar na ċluais — "Muinín gan teip! Lá ṫar na ṁáraċ stop an fear céanna í ar an tsráid agus ṫug nóta punt dí. "Cé'n míniú atá le seo? arsa sise leis agus iontas a ṡáiṫ uirṫi. "Sé an míniú atá leis a